



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2013

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Ealaín

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirlámh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Cumadóireacht Shamhlaíoch

Ábhar Neamhbheo

Marcanna Iomlána 100

An Ardeistiméireacht 2013 Ealaín Ardleibhéal

Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo Marcanna Iomlána 100

Féadfaidh na hiarrthóirí Cumadóireacht Theibí a chur i láthair tar éis Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo a roghnú. Áireofar ar na hábhair a fhéadfar a úsáid raon leathan páipéar agus meán lena n-áirítear peann luaidhe, graifít, gualach líníochta, dúch agus scuab, criáin, péint, crián cointé, etc. Beidh meascán de mheáin agus d'ábhair éagsúla inghlactha.

A	Léirmhíniú	20	<p>An méid a éiríonn leis an iarrthóir bunbhí an tsleachta tuairisciúil a chur i bhfís agus a chur in iúl bunaithe ar an tuiscint agus ar an míniú sa dearadh den Chumadóireacht Shamhlaíoch nó de shocrú an Ábhair Neamhbheo.</p> <p><u>Tagair dóibh seo a leanas</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • ráiteas an • iarrthóra an bhaint leis an sliocht tuairisciúil • cáilíochtaí samhlaíochta agus eispriseacha an iarrthóra
B	Cumadóireacht	20	<p>An méid a chumann agus a eagraíonn an iarrthóir spás déthoiseach.</p> <p><u>Tagair dóibh seo a leanas</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • leagan amach na ngnéithe den Chumadóireacht Shamhlaíoch nó den Ábhar Neamhbheo ar bhealach pearsanta, dea-chothromaithe, comhchuí • gnéithe ealaíne san eagraíocht: spás dearfach agus diúltach, cothromaíocht, teannas, codarsnacht, scála etc. • an tslí a gcuirtear léirmhíniú an iarrthóra in iúl i bhfoirm 2T ar an mbileog A2, ag teacht leis an sliocht tuairisciúil.
C	Gnéithe Ealaíne	20	<p>An méid a bhaineann an t-iarrthóir leas as gnéithe ealaíne chun léirmhíniú indibhidiúil agus freagairt eispriseach don cheist roghnaithe a chruthú.</p> <p><u>Tagair dóibh seo a leanas</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • úsáid gnéithe ealaíne: líne, ton, cruth, foirm, uigeacht, dath • áit a bhfuil sé i gceist, an tslí a gcuireann an léiriú 2T daingne in iúl trí aon mheán nó teicníc (nó meascán den phéire), lena n-áirítear líne.
D	An Fhreagairt Chruthaitheach Phearsanta	20	<p>An méid a fhreagraíonn an t-iarrthóir go cruthaitheach agus go pearsanta don cheist.</p> <p><u>Tagair dóibh seo a leanas</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • stíl indibhidiúil an iarrthóra ó thaobh úsáid na meán agus na n-ábhar mar fhreagairt don cheist roghnaithe i ndáil leis an sliocht tuairiscithe. • na meáin, an stíl agus na gnéithe eispriseacha.
E	An Saothar Críochnaithe	20	<p>An méid a léiríonn an t-iarrthóir oilteacht sna gnéithe teicniúla agus cumadóireachta a úsáidtear</p> <p><u>Tagair dóibh seo a leanas</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • scileanna teicniúla • scileanna i ndáil le spriocanna a chomhlíonadh • tionchar foriomlán an tsaothair chríochnaithe
	Iomlán	100	

Dearadh

100 Marcanna

An Ardeistiméireacht 2013 Ealaín Ardleibhéal

Dearadh 100 Marc

Tá raon leathan páipéir agus meán lena n-áirítear peann luaidhe, gualach líníochta, dúch agus scuab, criáin, péint, crián cointé, etc. inghlactha.

A	Léirmhíniú	20	<p>An méid a éiríonn leis an iarrthóir an sliocht tuairisciúil a chur i bhfís agus chomh maith agus a éiríonn leis/léi úsáid a bhaint as smaoineamh a éiríonn as an sliocht chun moladh dearaidh a fhorbairt do cheird ar leith.</p> <p><u>Tagair dóibh seo a leanas</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • léargas ginearálta ar láimhseáil na ceiste roghnaithe: • an bhaint leis an gceist agus leis an sliocht tuairisciúil • cáilíochtaí samhlaíochta agus eispriseacha an iarrthóra
B	Réamhbhileog/ Forbairt	20	<p>An méid a éiríonn leis an iarrthóir smaointe a fhorbairt</p> <p><u>Tagair dóibh seo a leanas</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • breithniú smaointe éagsúla • anailís ar smaointe • smaointe a mheas • smaointe a chur in iúl <div data-bbox="1102 801 1469 1016" style="border: 1px solid black; padding: 5px;"> <ul style="list-style-type: none"> • sceitsí agus sin amháin • ceadaítear nodaireacht • díreach ar an mbileog • caillfead marcanna má bhítear ag cóipeáil díreach ón mbileog ullmhúcháin </div>
C	Cur i gcrích / gnéithe teicniúla (Féach na ceirdeanna éagsúla ar an gcairt)	20	<p>An méid a éiríonn le hiarrthóir na fadhbanna dearaidh intuigthe sa cheird/cheist roghnaithe a réiteach go físiúil.</p> <p><u>Tagair dóibh seo a leanas</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • oiriúnacht don cheist • gnéithe teicniúla a cuireadh san áireamh
D	An moladh dearaidh a chur i láthair	20	<p>An méid a éiríonn leis an iarrthóir an moladh dearaidh a chur i láthair i bhformáid atá oiriúnach.</p> <p><u>Tagair dóibh seo a leanas</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • oiriúnacht na meán don mholadh/chur i láthair • cumas teicniúil sa mheán roghnaithe agus oiriúnacht na n-ábhar don chur i láthair.
E	Dearadh críochnaithe / tabhairt chun críche phróiseas an dearaidh	20	<p>An méid a léiríonn moladh dearaidh an iarrthóra coincheapa pearsanta agus é/í ag cur i gcrích phróiseas an dearaidh.</p> <p><u>Tagair dóibh seo a leanas</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • éifeacht fhoriomlán an tsaothair chríochnaithe • cáilíocht fhoriomlán an dearaidh • oilteacht sna gnéithe teicniúla agus cumadóireachta a úsáidtear
	Iomlán	100	

Dearadh (ar lean)**Mionléiriú ar Chuid C den Scéim mharcála: Cur i gcrích / gnéithe teicniúla**

Ceist 1 – Litreoireacht agus Peannaireacht léiriú peannaireacht / litreoireacht spásáil / leagan amach comhréiteach cothromaíocht	Ceist 2 – Líonóilghearradh agus Priontáil líne / cruth uigeacht láidreacht / soiléire forphriontáil comhréiteach cothromaíocht
Ceist 3 – Fabraicphriontáil patrún cruth teicnící: forphriontáil: cur i bhfeidhm dathanna comhréiteach cothromaíocht	Ceist 4 – Bróidnéireacht an rogha ábhar / meán / cúlra plean maidir le hobair shnáthaide teicnící comhréiteach cothromaíocht
Ceist 5 – Fíodóireacht uigeacht a léiriú plean na fíodóireachta ábhair / snáth comhréiteach cothromaíocht	Ceist 6 – Criadóireacht teicnící struchtúr feidhm / teoracha glónrú / maisiú
Ceist 7 – Puipéadacht feidhm / teoracha cóimeáil ábhair carachtracht	Ceist 8 – Leabharcheardaíocht ábhair ceangal / naisc íomhánna litreoireacht cóimeáil
Ceist 9 –Dearadh Fógraíochta leagan amach clóghrafaíocht grafaic dath	Ceist 10 – Múnlóireacht agus Snoíodóireacht teicníc struchtúr ábhair feidhm / teoracha críoch / solas
Ceist 11 – Seiteanna Stáitse leagan amach struchtúr feidhm tógáil / teicnící	

Leathanach Bán

Sceitseáil Beo-Ábhair

Marcanna Iomlána 50

An Ardteistiméireacht 2013 Ealaín Gnáthleibhéal**Sceitseáil Beo-Ábhair****Iomlán 50 marc**

Is féidir cineálacha éagsúla páipéir agus meáin éagsúla a úsáid lena n-áirítear peann luaidhe, graifít, gualach líníochta, dúch agus scuab, criáin, péint, crián cointé, etc. Beidh meascán de mheáin agus d'ábhair éagsúla inghlactha.

Staidiúir 1:

Staidiúir ghearr (15 nóiméad) 20 marc: tá raon leathan cur chuige atá cuí don Ghnáthleibhéal inghlactha lena n-áirítear líníochtaí tapa de ghothaí agus comhartha de chomhthéacs an chúlra.

A	Cumadóireacht	5	<u>Tagair dóibh seo a leanas</u> <ul style="list-style-type: none"> Úsáid na bileoige ina hiomláine; úsáid spáis idir dhearfach agus dhiúltach. Ní mór iarracht a bhaint as an bhfíor iomlán sa staidiúir mar a luaitear ar an scrúdpháipéar.
B	Comhréir	5	<u>Tagair dóibh seo a leanas</u> <ul style="list-style-type: none"> cruinneas na líníochta ó thaobh na hanatamaíochta de: coibhneas na bpáirteanna leis an iomlán.
C	Ton / Líne	5	<u>Tagair dóibh seo a leanas</u> <ul style="list-style-type: none"> an úsáid a bhaintear as solas agus scáth sa mheán roghnaithe chun foirm thríthoiseach a léiriú scáthú nó cáilíocht/meáchan na líne; úsáid na meán.
D	Foirm / Méid	5	<u>Tagair dóibh seo a leanas</u> <ul style="list-style-type: none"> cur i láthair 2T de dhaingne 3T an choirp trí aon mheán nó teicníc nó meascán dóibh a úsáid, lena n-áirítear líne.
	Iomlán	20	

Staidiúir 2:

Staidiúir fhada (30 nóiméad) 30 Marc: staidéar níos mionsonraithe den chorp: cloigeann agus guaillí nó an fhíor iomlán. Tá líníochtaí mionsonraithe agus líníocht atá eispriseach go mór inghlactha.

A	Cumadóireacht	6	<u>Tagair dóibh seo a leanas</u> Cumadóireacht; úsáid as spás diúltach, úsáid na bileoige ina hiomláine, cur in iúl an chomhthéacs cúlra inghlactha. An rogha phearsanta ábhar agus meán.
B	Comhréir	6	<u>Tagair dóibh seo a leanas</u> Cruinneas na líníochta ó thaobh na hanatamaíochta de. Ní mór tabhairt faoin bhfíor iomlán nó faoin gcloigeann agus guaillí/leathfhíor a tharraingt mar a luaitear sna treoracha don staidiúir.
C	Ton / Líne	6	<u>Tagair dóibh seo a leanas</u> Úsáid as solas agus scáth sa mheán agus sna hábhair roghnaithe. Líníocht líne as a leanann léirmhíniú indibhidiúil agus freagairt eispriseach. Rogha phearsanta na n-ábhar agus stíl na meán.
D	Foirm / Méid	6	<u>Tagair dóibh seo a leanas</u> Mar a chuireann an cur i láthair 2T daingne 3T an choirp in iúl trí aon mheán nó teicníc a úsáid, lena n-áirítear líne.
E	Mionsonraí	6	<u>Tagair dóibh seo a leanas</u> Na mionsonraí i gcur i láthair gné/gnéithe den fhíor iomlán nó den chloigeann agus na guaillí/leathfhíor mar a luaitear sna treoracha don staidiúir. Mar a léiríonn an t-iarrthóir inniúlacht ó thaobh gnéithe teicniúla agus cumadóireachta de.
	Iomlán	30	

Stair agus Léirthuisicint na hEalaíne

Marcanna Iomlána 150

Roinn I - An Ealaín in Éirinn

Leathanach 1 de 11

C1		Marcanna
A	An stíl mhaisiúcháin ar leith seo a úsáidtear i snoíodóireacht cloiche agus sa mhíotalóireacht a ainmniú agus a phlé go achomair.	10
B	Ainm, cur síos agus plé ar an rud léirithe, ag tagairt don fhoirm, don fheidhm, do na bunábhair, don mhaisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun é a tháirgeadh.	20
C	Ainm agus cur síos achomair ar shampla amháin eile de shnoíodóireacht cloiche nó de mhíotalóireacht ón ré seo.	15
D	Sceitsí.	5
		50

C2		Marcanna
A	Cur síos agus plé ar an leathanach Chi-Rho agus tagairt do na bunábhair, don mhaisiúchán agus don dhath / do na dathanna.	20
B	Comparáid le leathanach ainmnithe eile as Leabhar Cheanannais ag tagairt do na bunábhair, don mhaisiúchán agus don dhath / do na dathanna.	15
C	Cur síos achomair ar an méid atá ar eolas agat faoi na healaíontóirí a raibh baint acu leis an obair.	5
D	Sceitsí.	10
		50

C3		Marcanna
A	Cur síos agus plé ar Phaiteana Dhoire na bhFlann ag tagairt don tréimhse inar táirgeadh é, don fhoirm, don fheidhm, do na bunábhair, don mhaisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun é a tháirgeadh.	15
B	Cur síos agus plé agus comparáid le Cros Chonga ag tagairt don tréimhse inar táirgeadh é, don fhoirm, don fheidhm, do na bunábhair, don mhaisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun é a tháirgeadh.	15
C	Ainm agus cur síos achomair ar déantúsán reiligiúnach ón ré seo.	15
D	Sceitsí.	5
		50

C4		Marcanna
A	Ainm ailtire an bhunfhoirgnimh.	5
B	Cur síos agus plé ar phríomhghnéithe ailtireachta Theach na Parlaiminte.	20
C	Cur síos achomair ar fhoirgneamh poiblí Éireannach ainmnithe eile ón ochtú haois déag	15
D	Comparáid idir an foirgneamh roghnaithe agus Teach na Parlaiminte.	5
E	Sceitsí.	5
		50

C5		Marcanna
A	Do thuairim den bhrí atá an t-ealaíontóir ag iarraidh a chur in iúl sa péintéireacht léirithe.	5
B	Tagairt do na teicníochtaí a d'úsáid an t-ealaíontóir chun an bhrí sin a chur in iúl, an t-ábhar, an comhdhéanamh agus an stíl péintéireachta san aireamh.	20
C	Comparáid achomair le péintéireacht fhíorach Éireannach ainmnithe amháin eile.	20
D	Sceitsí.	5
		50

C6		Marcanna
A	Plé ar an ráiteas i ndáil lena shaothar.	10
B	Plé ar an ráiteas i ndáil leis an bpéintéireacht a léirítear le tagairt don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus don dath / do na dathanna.	20
C	Comparáid achomair le péintéireacht tírdhreacha ainmnithe eile le healaíontóir Éireannach eile.	15
D	Sceitsí.	5
		50

C7		Marcanna
A	Cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra/dearthóra roghnaithe.	10
B	Cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe 1 agus tagairt don ábhar, don stíl, do na meáin/bunábhair, do na teicníochtaí agus do na tionchair.	15
C	Cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe 2 agus tagairt don ábhar, don stíl, do na meáin/bunábhair, do na teicníochtaí agus do na tionchair.	15
D	Sceitsí.	10
		50

Roinn II - Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá inniu)

C8		Marcanna
A	Plé ar an ráiteas agus tagairt d'ardeaglais Ghotach ainmnithe.	10
B	Plé ar an ráiteas agus tagairt do ghnéithe den ailtireacht agus don dealbhóireacht mhaisiúcháin ar an aghaidh (façade) de do rogha féin.	20
C	Cur síos achomair ar an ról a bhíonn ag gloine dhaite in ardeaglais Ghotach.	10
D	Sceitsí.	10
		50

C9		Marcanna
A	Plé ar an ráiteas.	5
B	Plé ar an ráiteas agus tagairt don phéintéireacht léirithe. Tagairt a dhéanamh don pheirspictíocht, don ábhar, don chomhdhéanamh agus don ré inar táirgeadh é.	25
C	Plé achomair ar conas a úsáideadh an pheirspictíocht i bpéintéireacht ainmnithe amháin eile ón ré seo.	15
D	Sceitsí.	5
		50

C10		Marcanna
A	Plé ar an ráiteas.	5
B	Plé ar an bpéintéireacht agus tagairt don ábhar, don chomhdhéanamh agus do láimhseáil na fíorach daonna.	25
C	Péintéireacht amháin eile le healaíontóir as Tuaisceart na hEorpa ón tréimhse seo a ainmniú agus plé a dhéanamh uirthi.	15
D	Sceitsí.	5
		50

C11		Marcanna
A	Ainm an ealaíontóra.	5
B	Cur síos achomair ar an ré inar táirgeadh an dealbh.	5

C	Cur síos agus plé ar an dealbh léirithe agus tagairt don ábhar, don chomhdhéanamh agus do láimhseáil na fíorach daonna.	20
D	Saothar amháin eile leis an ealaíontóir seo a ainmniú agus a phlé go hachomair.	15
E	Sceitsí.	5
		50

C12		Marcanna
A	Plé ar an ráiteas.	5
B	Plé ar an saothar ainmnithe le Vermeer ag tagairt don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do na teicníochtaí ina chuid oibre.	20
C	Saothar amháin eile le Jan Vermeer a ainmniú agus a phlé go hachomair.	15
D	Sceitsí.	10
		50

C13		Marcanna
A	Plé ar an ráiteas le tagairt don saothar ainmnithe.	10
B	Plé ar phéintéireacht le Degas ag tagairt don stíl, don ábhar, don chomhdhéanamh, don solas, don dath / do na dathanna agus do láimhseáil na mbunábhar.	20
C	An chaoi a raibh tionchar ag forbairt na grianghrafadóireachta ar shaothar na nImpriseanaithe.	10
D	Sceitsí.	10
		50

C14		Marcanna
A	Ainm an tsaothair a roghnaítear.	5
B	Plé mionsonraithe ar an saothar roghnaithe agus tagairt don ealaíontóir/aitire, don stíl, don chomhdhéanamh / dearadh, do na bunábhair, don teicníocht agus don ré inar táirgeadh é.	20
C	Saothar amháin eile leis an ealaíontóir/aitire roghnaithe a ainmniú agus cur síos agus plé achomair a dhéanamh air.	15
D	Sceitsí.	10
		50

C15		Marcanna
A	Plé ar fhorbairt do rogha stíl ealaíne.	10
B	Plé ar phríomhthréithe na stíle atá roghnaithe agat	10
C	Cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe amháin le healaíontóir a bhfuil a s(h)aothar ina shampla tipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht atá roghnaithe agat.	20
D	Sceitsí.	10
		50

Roinn III - Léirthuisicint na hEalaíne

C 16		Marcanna
A	Tagairt chuí do scannán ainmnithe.	5
B	Plé ar an ráiteas ag tagairt do dhearadh na bhfeisteas, an smideadh, na seiteanna, na fearais stáitse, an suíomh, an obair cheamara, an soilsiú agus an fhuaim a chónascadh.	25
C	Breac-chuntas ar do choincheapa físiúla do ghearrscannán chun 'Tóstal Éireann' (<i>The Gathering</i>) a cheiliúradh.	10
D	Sceitsí.	10
		50

C 17		Marcanna
A	Tagairt chuí do thaispeántas ainmnithe.	5
B	Cur síos agus plé ar na príomhchéimeanna a thugann an coimeádaí agus an taispeántas seo á phleanáil agus á fheistiú.	25
C	Plé ort féin mar choimeádaí agus an chaoi a ndéanfá plean do thaispeántas saothair ealaíne Idirbhliana i do scoil.	10
D	Sceitsí.	10
		50

C18		Marcanna
A	Plé ar an ráiteas le tagairt don rogha foirgnimh athchóirithe ainmnithe.	10
B	Plé ar an ráiteas agus tagairt don láthair/suíomh, do na bunábhair, don bhunúsáid agus don fheidhm nua.	15
C	Foirgneamh oiriúnach a ainmniú a bhainfeadh tairbhe as tionscadal athnuachana a chuirfeadh le maise do cheantair áitiúil. Agus breac-chuntas a thabhairt ar na smaointe atá agat do thionscadal den sórt seo.	15
D	Sceitsí.	10
		50

C19		Marcanna
A	Plé agus comparáid ar phóstaer A a léiríonn cé acu atá sé éifeachtach nó nach bhfuil, ag tagairt don choincheap, do na híomhánna, don leagan amach, don chlógghrafaíocht agus don dath / do na dathanna.	15
B	Plé agus comparáid ar phóstaer B a léiríonn cé acu atá sé éifeachtach nó nach bhfuil, ag tagairt don choincheap, do na híomhánna, don leagan amach, don chlógghrafaíocht agus don dath / do na dathanna.	15
C	An póstaer is éifeachtaí dar leat agus cúiseanna a thabhairt le do fhreagra.	10
D	Breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann leis an ngrianghrafadóireacht dhigiteach a úsáid sa dearadh grafach.	5
E	Sceitsí.	5
		50

C20		Marcanna
A	Plé ar an ráiteas i ndáil le táirge A ag tagairt do choincheap an dearaidh, don bhrandáil agus d'úsáid na ngnéithe ealaíne mar an cruth agus an dath / na dathanna.	15
B	Plé ar an ráiteas i ndáil le táirge B ag tagairt do choincheap an dearaidh, don bhrandáil agus d'úsáid na ngnéithe ealaíne mar an cruth agus an dath / na dathanna.	15
C	Do thuairim ar na tosca is tábhachtaí agus pacáistiú á dhearadh do chumhrán nó do lóis iarbhearrtha dírithe ar mhargadh an déagóra.	10
D	Sceitsí.	10
		50

Leathanach Bán

EALÁÍN - CEARDAÍOCHT

<p>Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúdpháipéar faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc. tús curtha le smaointe a fhorbairt <p>Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhronntar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>			
1	Forbairt Smaointe	10	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas</p> <ul style="list-style-type: none"> anailís a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh a chur in iúl cén teicníocht atá le húsáid chun an píosa miotalóireachta a dhéanamh a chur in iúl cén teicníocht atá le húsáid chun an píosa miotalóireachta a mhaisiú <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>
			Sceitsí
2	Oiriúnacht an Dearaidh	10	<p>An moladh dearaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbainfeadh sé le hábhar na ceiste ar an scrúdpháipéar atá roghnaithe ag an iarrthóir ba chóir go léireodh sé tuiscint ar thréithe agus ar shriantachtaí feidhmiúla na ceardaíochta ba chóir go bhféadfaí é a dhéanamh le linn fhráma ama an scrúdaithe
Dearadh	Forbairt an Dearaidh	5	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdteistiméireachta (GL / AL) ba chóir go léireodh sé feasacht fhísiúil
	Úsáid an Datha / an tSolais	5	<p>Ba chóir aghaidh a thabhairt ar dhath sa mhíotalóireacht ealaíne trí na nithe seo a leanas a úsáid</p> <ul style="list-style-type: none"> cruain ar dhathanna éagsúla éifeacht an tsolais agus é ag titim ar na dromchlaí agus ar na plánaí ábhair bhreise curtha leis
3	Léirthuisicint	10	<p>Ba chóir don iarrthóir na nithe seo a leanas a léiriú</p> <ul style="list-style-type: none"> cur chuige samhlaíoch cruthaitheach ar an gceist cumas smaointe a fhorbairt cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cúí sin
Próiseas	Teicníocht	10	<p>Ba chóir don iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> teicníocht chuí a úsáid chun a d(h)éradh a chur i gcrích inniúlacht a léiriú sa teicníocht a roghnaítear chun an oibiacht a dhéanamh inniúlacht a léiriú sa teicníocht mhaisiúcháin a roghnaítear feasacht a léiriú ar na gnéithe aeistéitiúla agus praiticiúla
	Cur i gCrích	10	<p>Ba chóir don phársa miotalóireachta críochnaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith mar chur i gcrích an dearaidh tuiscint ar theicníochtaí cuí a léiriú
4	A Láimhseáil Ábhair	10	<p>Ba chóir do láimhseáil ábhair an iarrthóra</p> <ul style="list-style-type: none"> muintín a léiriú i gceardaíocht na miotalóireachta feasacht a léiriú ar fhéidearthachtaí agus ar teorainneacha na ceardaíochta feasacht a léiriú ar an ord ina gcuirtear an dearadh i gcrích
Scileanna Ceardaíochta	B Uirlisiú	10	<p>Ba chóir don iarrthóir feasacht ar na nithe seo a leanas a léiriú:</p> <ul style="list-style-type: none"> an tábhacht a bhaineann le teicníochtaí éifeachtacha miotalóireachta e.g. gearradh, líomhadh, ainéaladh etc. féidearthachtaí agus teorainneacha na n-uirlisí atá á n-úsáid an tábhacht a bhaineann le teicníocht mhaith ... gan ciumhaiseanna géara, cruthanna a lúbann nó a fhreangann, etc.
	C Maisiúchán	10	<p>Ba chóir do mhaisiúchán an tsaothair a chuirtear i láthair</p> <ul style="list-style-type: none"> barr feabhais a chur ar an oibiacht a bheith mar chuid dhílis den dearadh a bheith curtha air go cúí
	D Bailchríoch	10	<p>Ba chóir don saothar a tháirgtear sa scrúdú</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith tógtha agus críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann treoir an dearaidh (ceist scrúdaithe).

<p>Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúdpháipéar faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc. tús curtha le smaointe a fhorbairt <p>Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhronntar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>				
1	Forbairt Smaointe	Sceitsí	10	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas</p> <ul style="list-style-type: none"> anailis a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh a chur in iúl cén teicníocht atá le húsáid chun an píosa baitic a dhéanamh <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>
				Dearadh
Forbairt an Dearaidh	5	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdteistiméireachta (GL / AL) ba chóir go léireodh sé feasacht fhisiciúil 		
Úsáid an Datha / an tSolais	5	<p>Ba chóir aghaidh a thabhairt ar dhath i mbaitic</p> <ul style="list-style-type: none"> trí tuiscint ar dhath mar a bhaineann sé le baitic a léiriú trí ruaimneanna éagsúla a úsáid trí dhath oiriúnach cúlra a roghnú don fhabraic 		
3	Próiseas	Léirthuisicint	10	<p>Ba chóir don iarrthóir na nithe seo a leanas a léiriú</p> <ul style="list-style-type: none"> cur chuige samhlaíoch cruthaitheach ar an gceist cumas smaointe a fhorbairt cumas anailis chriticiúil a dhéanamh ar an obair ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cuí sin
		Teicníocht	10	<p>Ba chóir don iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> teicníocht chuí a úsáid chun a d(h)éradh a chur i gcrích inniúlacht a léiriú sa teicníocht roghnaithe inniúlacht a léiriú sa teicníocht mhaisiúcháin roghnaithe feasacht a léiriú ar na gnéithe aeistéitiúla agus praiticiúla
		Cur i gCrích	10	<p>Ba chóir don píosa baitice críochnaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith mar chur i gcrích an dearaidh tuiscint ar theicníochtaí cuí a léiriú
4	Scileanna Ceardaíochta	A Íomhánna	10	<p>Ba chóir don saothar</p> <ul style="list-style-type: none"> comhdhéanamh aontaithe cothrom a chruthú gnéithe dearaidh a chuimsiú, e.g. dearfach/diúltach, sreabhadh, gluaiseacht, rithim, uigeacht, nascacht, íomhánna atá sainmhínithe go soiléir a bheith aige
		B Céir a chur	10	<p>Ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú ó thaobh</p> <ul style="list-style-type: none"> tjanting a úsáid scoilteadh agus féithiú a úsáid mar éifeachtaí maisiúcháin éifeachtaí uigeacha a chruthú obair a dhéanamh go cruinn
	C Dath	10	<p>Ba chóir don iarrthóir na nithe seo a leanas a léiriú</p> <ul style="list-style-type: none"> eolas ar dhath a chur agus na héifeachtaí a bhíonn aige sin i ndáil le baitic inniúlacht san ord ina n-úsáidtear na dathanna chun fabraic a ruaimniú go héifeachtach scil ó thaobh an rogha dathanna a úsáidtear de 	
	D Éifeacht Fhoriomlán	10	<p>Ba chóir don saothar críochnaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann treoir an dearaidh (ceist scrúdaithe) 	

<p>Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúdpháipéar ▪ faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc. ▪ tús curtha le smaointe a fhorbairt <p>Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhronntar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>				
1	Forbairt Smaointe	Sceitsí	10	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ anailís a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin ▪ smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh ▪ a chur in iúl cén teicníocht atá le húsáid chun an píosa leabharcheardaíochta a dhéanamh ▪ a chur in iúl cén teicníocht atá le húsáid chun an píosa leabharcheardaíochta a mhaisiú <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>
			2	Oiriúnacht an Dearaidh
Dearadh		Forbairt an Dearaidh	5	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ▪ ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdteistiméireachta (GL / AL) ▪ ba chóir go léireodh sé feasacht fhísiúil
		Úsáid an Datha / an tSolais	5	<p>Ba chóir aghaidh a thabhairt ar dhath sa leabharcheardaíocht trí na nithe seo a leanas a úsáid</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ páipéar pearsanaithe, fabraicí agus meáin mheasctha ▪ íomhánna rilife
3	Próiseas	Léirthuisicint	10	<p>Ba chóir don iarrthóir na nithe seo a leanas a léiriú</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ cur chuige samhlaíoch cruthaitheach ar an gceist ▪ cumas smaointe a fhorbairt ▪ cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cuí sin
		Teicníocht	10	<p>Ba chóir don iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ teicníocht chuí a úsáid chun a d(h)earadh a chur i gcrích ▪ inniúlacht a léiriú sa teicníocht a roghnaithear chun an oibiacht a dhéanamh ▪ inniúlacht a léiriú sa teicníocht mhaisiúcháin roghnaithe ▪ feasacht a léiriú ar na gnéithe aeistéitiúla agus praiticiúla
		Cur i gCrích	10	<p>Ba chóir don phársa leabharcheardaíochta críochnaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ a bheith mar chur i gcrích an dearaidh ▪ tuiscint ar theicníochtaí cuí a léiriú
4	Scileanna Ceardaíochta	A Rogha Ábhar	10	<p>Ba chóir don iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ an muinín a léiriú a thagann as ábhair don leabharcheardaíocht a láimhseáil. ▪ feasacht a léiriú ar fhéidearthachtaí agus ar theorainneacha na ceardaíochta ▪ feasacht a léiriú ar an ord ina gcuirtear an dearadh i gcrích.
B Meicníocht Dúnta		10	<p>Ba chóir don iarrthóir feasacht ar na nithe seo a leanas a léiriú</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ an tábhacht a bhaineann le teicníochtaí tógála éifeachtacha. ▪ gur chóir na meicníochtaí dúnta roghnaithe a chomhtháthú i gceart leis an bpíosa críochnaithe. 	
C Íomhánna		10	<p>Ba chóir don saothar a chuirtear i láthair</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ an fheidhm dá bhfuil an píosa le húsáid a chur in iúl ar bhealach soiléir éifeachtach ▪ barr feabhais a chur ar an saothar críochnaithe 	
	D Éifeacht Fhoriomlán	10	<p>Ba chóir don saothar críochnaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ a bheith críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann treoir an dearaidh (ceist scrúdaithe) 	

<p>Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúdpháipéar faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc. tús curtha le smaointe a fhorbairt <p>Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhronntar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>				
1	Forbairt Smaointe	Sceitsí	10	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas</p> <ul style="list-style-type: none"> anailís a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh a chur in iúl cén stíl chló atá le húsáid a chur in iúl cén teicníocht atá le húsáid chun an píosa a mhaisiú <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>
				Dearadh
Forbairt an Dearaidh	5	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdteistiméireachta (GL / AL) ba chóir go léireodh sé feasacht fhísiúil 		
Úsáid an Datha / an tSolais	5	<p>Is féidir aghaidh a thabhairt ar dhath sa pheannaireacht trí na nithe seo a leanas a úsáid</p> <ul style="list-style-type: none"> éagsúlacht meán páipéir dhaite ábhair bhreise curtha leis nó curtha ar an bpíosa 		
3	Próiseas	Léirthuisicint	10	<p>Ba chóir don iarrthóir na nithe seo a leanas a léiriú:</p> <ul style="list-style-type: none"> cur chuige samhlaíoch cruthaitheach ar an gceist cumas smaointe a fhorbairt cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cuí sin
		Teicníocht	10	<p>Ba chóir don iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> teicníocht chuí a úsáid chun a d(h)earadh a chur i gcrích inniúlacht a léiriú sa teicníocht a roghnaítear chun an oibiacht a dhéanamh inniúlacht a léiriú sa teicníocht mhaisiúcháin roghnaithe feasacht a léiriú ar na gnéithe aeistéitiúla agus praiticiúla
		Cur i gCrích	10	<p>Ba chóir don phíosa peannaireachta críochnaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith mar chur i gcrích an dearaidh tuiscint ar theicníochtaí cuí a léiriú
4	A	Léiriúchán	10	<p>Ba chóir don iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> muintín a léiriú i gceird na peannaireachta feasacht a léiriú ar ról an léirithe sa dearadh feasacht a léiriú ar theicníochtaí cuí agus ar léirthuisicintí datha
Scileanna Ceardaíochta	B	Scileanna Peannaireachta	10	<p>Ba chóir don iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> tógáil éifeachtach a léiriú ó thaobh litreoireachta de fianaise a léiriú ar scileanna gnóthaithe sa pheannaireacht. inniúlacht a léiriú in úsáid uirlisí peannaireachta
	C	Spásáil	10	<p>Ba chóir don saothar a chuirtear i láthair</p> <ul style="list-style-type: none"> spásáil chuí a bheith aige. leagan amach cuí a bheith aige.
	D	Comhchuibhiú	10	<p>Ba chóir don saothar críochnaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> idir cumas léiriúcháin agus scileanna peannaireachta a léiriú comhdhéanamh cothrom a bheith aige. a bheith críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann treoir an dearaidh (ceist scrúdaithe)

<p>Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúdpháipéar faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc. tús curtha le smaointe a fhorbairt <p>Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhrontar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>			
1	Forbairt Smaointe	10	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas</p> <ul style="list-style-type: none"> anailís a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh a chur in iúl cén teicníocht atá le húsáid chun an saothar a dhéanamh a chur in iúl cén teicníocht atá le húsáid chun an saothar a mhaisiú <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>
			<p>2</p> <p>Oiriúnacht an Dearaidh</p> <p>10</p> <p>An moladh dearaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbainfeadh sé le hábhar na ceiste ar an scrúdpháipéar atá roghnaithe ag an iarrthóir ba chóir go léireodh sé tuiscint ar thréithe agus ar shriantachtaí feidhmiúla na ceardaíochta ba chóir go bhféadfaí é a dhéanamh le linn fhráma ama an scrúdaithe
Dearadh	Forbairt an Dearaidh	5	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdteistiméireachta (GL / AL) ba chóir go léireodh sé feasacht fhísiúil
	Úsáid an Datha / an tSolais	5	<p>Ba chóir aghaidh a thabhairt ar dhath/ar sholas trí na nithe seo a leanas a úsáid</p> <ul style="list-style-type: none"> meáin éagsúla. éifeacht an tsolais agus é ag titim ar na dromchlaí agus ar na plánaí, e.g. mar i múnlóireacht rilife. ábhair bhreise curtha leis e.g. snáithíní, coirimíní etc.
3	Léirthuisicint	10	<p>Ba chóir don iarrthóir na nithe seo a leanas a léiriú</p> <ul style="list-style-type: none"> cur chuige samhlaíoch cruthaitheach ar an gceist cumas smaointe a fhorbairt cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cuí sin
